Comhairle Chontae Dhún na nGall

FOIRM IARRATAIS AR CHEADÚNAS CORR-THRÁDÁLA
An tAcht Corr-Thrádála 1995

Léigh na nótaí ar an chéad leathanach eile sula líonfaidh tú an fhoirm seo
Scríobh i mBloclitreacha le do thoil.

1. **Ainm an Iarratasóra** _____

2. **Seoladh Iomlán Poist** _____

   _____

3. **Uimhir Ghutháin** _____

4. **Post/Obair** _____

5. (a) **Uimh. PSP (i gcás duine aonair)** _____

   (b) **Uimh. Thagartha Chánach (i gcás comhlachta)** _____

6. **Má tá an t-iarratas in ainm Comhlachta Teoranta, Uimhir Chláraithe an Chomhlachta, mar a sholáthraítear ón Oifig Chláraithe Comhlachtaí, chomh maith le hainmneacha agus seoltaí amhlaidh:**

   _____

   _____

7. **An chéad lá ar a bhfuil sé i gceist corr-thrádáil a dhéanamh:** _____

8. **An bhfuil an t-iarratas fá choinne:** **ceadúnas ginearálta** ☐

   ceadúnas imeachta ☐

9. **Má bhaineann an t-iarratas le ceadúnas trádála ag imeacht(aí), tabhair sonraí:**

   Ainm an imeachta _____

   Seoladh na háite a bhfuil an t-imeacht ar siúl: _____

   Dátaí a bhfuil an ceadúnas á lorg fána gcoinne:

   Ó: _____ **go dtí** _____

10. **Más ceadúnas ginearálta atá i gceist:-**

    Abair cén limistéar sainithe ina mbeidh an trádáil ag dul ar aghaidh:

    _____

I gcás go bhfuil an limistéar atá á iarraidh líonta cheana féin, inis dúinn cé acu ba mhaith leat a bheith curtha san áireamh do limistéar eile, nó nár mhaith.

_____

Cá mhéad ionad atá de dhíth? _____

Cá mhéad lá trádála a bheas i gceist?_____

11. Cur síos ar na hearraí a bheas á ndíol _____

Má bhí Ceadúnas Corr-Thrádála agat roimhe seo, tabhair na sonraí seo a leanas dúinn:

Uimhir Cheadúnais:_____ **Dáta éaga:** _____

Chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall

DEARBHAÍMSE:-

1. Nár ciontaíodh mé in dhá chion nó níos mó faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, taobh istigh de thrí bliana roimh an dáta ar a bhfuil sé i gceist agam corr-thrádáil a dhéanamh.

2. Go bhfuil na sonraí thuas cruinn beacht agus cuirim leis seo seic/dréacht bainc/ordú poist/ordú airgid/airgead tirim do € _____ arb í an táille í a shocraigh Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi fhodhlithe faoi Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995.
   Síniú: Dáta:

DON OIFIG AMHÁIN			
Faighte		Méid	
Dáta		Cineál	
Cion		Tag.	

NÓTAÍ

1.

Ba chóir an fhoirm iarratais líonta ar Cheadúnas Corr-Thrádála, le corr-thrádáil a dhéanamh i limistéar riacháin Chontae Dhún na nGall, a sheoladh chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall san Ionad Seirbhísí Pobail lena mbaineann do cheadúnas, mar seo a leanas:

Toghcheantar Dhún na nGall	Ionad Seirbhísí Pobail Bhaile Dhún na nGall Droim Lonachair, Baile Dhún na nGall	074 9724400
Toghcheantar Inis Eoghain	Ionad Seirbhísí Pobail Charn Domhnach Sráid Mhálanna, Carn Domhnach	074 9373700
Toghcheantar na nGleanntach	Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath	074 9561300
Toghcheantar Leitir Ceanainn	Ionad Seirbhísí Pobail Leitir Ceanainn Bóthar N. T. Blaney, Leitir Ceanainn	074 9194200
Toghcheantar Bhaile na nGallóglach	Ionad Seirbhísí Pobail Bhaile na nGallóglach Príomhshráid, Baile na nGallóglach	074 9153900
Toghcheantar Shrath an Urláir	Áras an Chontae Leifear	0749172222

2. Déanfar iarratas ar Cheadúnas Corr-Thrádála chan níos lú ná 30 lá roimh an chéad lá ar a bhfuil sé i gceist tús a chur leis an chorr-thrádáil lena mbaineann an t-iarratas.

3. Is cion é eolas bréagach a thabhairt d'údarás áitiúil maidir le hiarratas ar Cheadúnas Corrthrádála

4. Seo a leanas na táillí a bhaineann leis an cheadúnas:

   (a) Nuair a lorgtar an ceadúnas d'aon spás trádála amháin ar lá áirithe amháin sa tseachtain - €250.00 in aghaidh na bliana
   (b) Don spás trádála sin (in (a) thuas) do gach lá breise sa tseachtain a bhfuil an ceadúnas bronnta dó - €125.00 in aghaidh na bliana
   (c) Do gach ceadúnas breise atá á lorg ag an iarratasóir céanna do spás trádála breise sa limistéar céanna corr-thrádála do lá amháin sa tseachtain - €125.00 in aghaidh na bliana.
   (d) Maidir leis an cheadúnas don spás atá sonraithe i bparagraf (c) do gach lá breise sa tseachtain a bhfuil an ceadúnas á lorg dó, agus ceadaithe - €125.00 in aghaidh na bliana.

5. Is é €32.00 sa lá a bheas mar tháille fá choinne ceadúnais le corr-thrádáil a dhéanamh ag imeacht nó ag imeachtaí chuig a mbeidh cead isteach ag an phobal, nó ag nó i dtaobh le hionad an imeachta ar lá an imeachta.

6. Féadann an Chomhairle Ceadúnas Corr-Thrádála a dhiúltú:-

   (a) Má tharlaíonn nach gcuireann duine foirm iarratais líonta ar cheadúnas corr-thrádála ar fáil
   (b) Má tharlaíonn nach n-íocann an duine an táille chuí leis an fhoirm iarratais

7. Féadann an Chomhairle iarratas duine ar cheadúnas corr-thrádála a dhiúltú má ciontaíodh an duine sin i gcion maidir le hearraí a allmhairiú, a shealbhú, nó a dhíol agus ceadúnas corr-thrádála ina sheilbh aige/aici, nó i gcion faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, (seachas cion faoi Alt 5 de sin) sna trí bliana roimh dháta an iarratais ar an cheadúnas.

8. Ní thabharfaidh an Chomhairle Ceadúnas Corr-Thrádála do dhuine a ciontaíodh in dhá chion nó níos mó (agus gach cion bainte le hearraí a ollmhairiú, a shealbhú nó a dhíol) a rinneadh nuair a bhí Ceadúnas Corr-Thrádála ag an duine, nó cion faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, (seachas cion faoi Alt 5 de sin) má tharla dhá cheann de na ciontuithe, ar a laghad, níos lú ná trí bliana roimh an chéad lá ar a bhfuil sé i gceist ag an duine corr-thrádáil, lena mbaineann an t-iarratas ar cheadúnas, a dhéanamh.

9. Ní thabharfaidh an Chomhairle Ceadúnas Corr-Thrádála mura mbíonn uimhir thagartha cánach an iarratasóra ar an iarratas.

10. Leanfaidh Ceadúnas Corr-Thrádála, mura ndearnadh é a aisghairm roimh ré, d'fheidhm a bheith aige go ceann tréimhse nach rachaidh thar 12 mhí mar a d'fhéadfadh a bheith sonraithe sa cheadúnas, agus rachaidh sé as feidhm ag an phointe sin.

11. Ar an Cheadúnas Corr-Thrádála a thabhairt, cuirfidh an tÚdarás Áitiúil sonraí an cheadúnais chuig an Aire Leasa Shóisialaigh agus chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

N.B. BA CHÓIR A THABHAIRT FAOI DEARA GO BHFÉADFAÍ NACH MBEIDH MUID IN ANN CUIDIÚ LE TRÁDÁLAITHE MAIDIR LE SUÍMH I LIMISTÉIR SHONRAITHE TRÁDÁLA MÁS RUD É GO BHFUIL NA hIONAID SIN TUGTHA AMACH CHEANA FÉIN.